2024/3148

12.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3148 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Nollaig 2024

lena leasaítear den 344ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1), pointe (a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 2 Nollaig 2024, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, leasú a dhéanamh ar thrí iontráil i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas a mbeidh feidhm ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin.

(4) Tá bonn cirt le teacht i bhfeidhm práinneach ionas gur féidir na daoine ainmnithe a shainaithint go cuí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin

Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na n-iontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal 'Daoine nádúrtha' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

1) 'Muthanna Harith Al-Dari (ailiasanna (a) An Dr Muthanna Al Dari, (b) Muthana Harith Al Dari, (c) Muthanna Harith Sulayman Al-Dari, (d) Muthanna Harith Sulayman Al-Dhari, (e) Muthanna Hareth Al-Dhari, (f) Muthana Haris Al-Dhari, (g) An Dochtúir Muthanna Harith Sulayman Al Dari Al-Zawba', (h) Muthanna Harith Sulayman Al-Dari Al-Zobai, (i) Muthanna Harith Sulayman Al-Dari al-Zawba'i, (j) Muthanna Hareth al-Dari, (k) Muthana Haris al-Dari, (l) An Dochtúir Muthanna al-Dari, (m) An Dr Muthanna Harith al-Dari al-Zowbai). Teideal: An Dochtúir. Seoladh: (a) Amman, an Iordáin, (b) Khan Dari, an Iaráic (seoladh roimhe seo), (c) Sráidbhaile Asas, Abu Ghurayb, an Iaráic (seoladh roimhe seo), (d) an Éigipt (seoladh roimhe seo). Dáta breithe: 16.6.1969. Áit bhreithe: An Iaráic. Náisiúntacht: Iarácach. Uimhir aitheantais náisiúnta: Uimhir cárta ciondála 1729765. Faisnéis eile: Ainm na máthar: Heba Khamis Dari. Grianghraf ar fáil lena chuimsiú san Fhógra Speisialta ó Chomhairle Slándála INTERPOL-NA. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 25.3.2010.'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'MUTHANNA HARITH SALMAN AL-DARI (scríbhinn bhunaidh مثنى حارث سلمان الضاري). Ailiasanna dea-cháilíochta: a) An Dr Muthanna Al Dari; b) Muthana Harith Al Dari; c) Muthanna Harith Sulayman Al-Dari; d) Muthanna Harith Sulayman Al-Dhari; e) Muthanna Hareth Al-Dhari; f) Muthana Haris Al-Dhari; g) An Dochtúir Muthanna Harith Sulayman Al Dari Al-Zawba'; h) Muthanna Harith Sulayman Al-Dari Al-Zobai; i) Muthanna Harith Sulayman Al Dari al-Zawba'I; j) Muthanna Hareth al-Dari; k) Muthana Haris al-Dari; l) An Dochtúir Muthanna al-Dari; m) An Dr Muthanna Harith al-Dari al-Zowbai. Teideal: An Dochtúir. Dáta breithe: An 16 Meitheamh 1969. Áit bhreithe: An Iaráic. Náisiúntacht: An Iaráic. Uimhir cárta ciondála: 1729765. Seoladh: a) Amman, an Iordáin, b) Khan Dari, an Iaráic (roimhe seo), c) Sráidbhaile Asas, Abu Ghurayb, an Iaráic (roimhe seo), d) an Éigipt (roimhe seo). Faisnéis eile: Ainm na máthar: Heba Khamis Dari. Ainm an athar: Harith bin Salman Al-Dari bin Mahmud al-Shammari. Grianghraf ar fáil lena chuimsiú san Fhógra Speisialta ó Chomhairle Slándála INTERPOL-NA. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 25.3.2010.'

2) 'Maysar Ali Musa Abdallah **Al-Juburi** (ailiasanna (a) Muyassir al-Jiburi; (b) Muyassir Harara; (c) Muyassir al-Shammari; (d) Muhammad Khalid Hassan; (e) Al-Shammari; (f) Mus'ab al-Qahtani; (g) Abu Maria al-Qatani). Teideal: Amir. Dáta breithe: 1.6.1976. Áit bhreithe: (a) Al-Shura, Mosul, an Iaráic; (b) Harara, Cúige Ninawa, an Iaráic. Náisiúntacht: Iarácach. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4)(b): 23.9.2014.'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

'MAYSAR ALI MUSA ABDALLAH AL-JUBURI . Ailiasanna dea-cháilíochta: a) Muyassir al-Jiburi; b) Muyassir Harara; c) Muyassir al Shammari; d) Muhammad Khalid Hassan. Ailiasanna íseal-cháilíochta: a) Al-Shammari, b) Mus'ab al Qahtani, c) Abu Maria al-Qatani, d) Abu Umar Teideal: Amir. Dáta breithe: a) an 1 Meitheamh 1976; b) 1976. Áit bhreithe: a) Al-Shura, Mosul, an Iaráic; b) Harara, Cúige Ninawa, an Iaráic. Náisiúntacht: An Iaráic. Faisnéis eile: *Amir Sharia* de chuid Fhronta Al-Nusrah ar mhaithe le Pobal na Leiveainte ó thús 2014 i leith. An tuairisc amuigh air gur cailleadh é i bPoblacht Arabach na Siria an 2 Aibreán 2024, ainm na máthar: Subhah Muhammad Sayf. | Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 2a(4), pointe (b): 23.9.2014.'

3) 'Salim Mustafa Muhammad Al-Mansur (ailiasanna: (a) Salim Mustafa Muhammad Mansur Al-Ifri; (b) Saleem Al-Ifri; (c) Salim Mansur Mustafa; (d) Salim Mansur; (e) Hajji Salim Al-Shaklar). Dáta breithe: (a) 20.2.1962 (b) 1959. Áit bhreithe: (a) Bagdad, an Iaráic; (b) Tel Afar, Cúige Nineveh, an Iaráic. Náisiúntacht: Iarácach. Pasuimhir: Uimhir na hIaráice A6489694, arna eisiúint an 2.9.2013 (le dul in éag an 31.8.2021). Uimhir aitheantais náisiúnta: (a) cárta aitheantais náisiúnta na hIaráice 00813602, arna eisiúint an 18.9.2011; (b) Deimhniú na hIaráice um Náisiúntacht na hIaráice 300397, arna eisiúint an 25.6.2013. Seoladh: (a) 17 Tamoz, Mosul, an Iaráic (seoladh roimhe seo); (b) Tel Afar – Al-Saad, Mosul, an Iaráic (seoladh roimhe seo). Faisnéis eile: Tuairisc ar an gcuma fhisiceach: dath gruaige: dubh; dath na súl: dath meala; airde: 170 cm; tá Araibis aige. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 6.3.2018'

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad:

‘SALIM MUSTAFA MUHAMMAD AL-MANSUR. Ailiasanna dea-cháilíochta: a) Salim Mustafa Muhammad Mansur Al-Ifri; b) Saleem Al-Ifri; c) Salim Mansur Mustafa; d) Salim Mansur; e) Hajji Salim Al-Shaklar. Dáta breithe: a) an 20 Feabhra 1962; b) 1959. Áit bhreithe: Bagdad, an Iaráic. Náisiúntacht: An Iaráic. Pasuimhir: Uimhir na hIaráice A6489694, arna eisiúint an 2.9.2013 (le dul in éag an 31.8.2021); ainm i scríbhinn Arabach: ال محمد مصطفى سالم منصور . Uimhir aitheantais náisiúnta: a) cárta aitheantais náisiúnta na hIaráice 00813602, arna eisiúint an 18 Meán Fómhair 2011 (ainm i scríbhinn Arabach: منصور ال محمد مصطفى سالم ; a) Deimhniú na hIaráice um Náisiúntacht na hIaráice 300397, arna eisiúint an 25 Meitheamh 2013 (ainm i scríbhinn Arabach: محمد مصطفى سالم . Seoladh: a) 17 Tamoz, Mosul, an Iaráic (seoladh roimhe seo); b) Tel Afar – Al-Saad, Mosul, an Iaráic (seoladh roimhe seo). Faisnéis eile: *Emir* airgeadais don Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint, a liostaítear mar Al-Qaida san Iaráic. Ainm na máthar: Khadijah Mustafa Salih. Faoi choinneáil ag seirbhísí faisnéise na hIaráice ó bhí 2019 ann agus é daortha chun báis. Tuairisc ar an gcuma fhisiceach: dath gruaige: dubh; dath na súl: dath meala; airde: 170 cm; Tá Araibis aige. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 6.3.2018’.